# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2019

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Matamaitic

## Bonnleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# *Clár Ábhar*

*Leathanach*

Réitigh agus scéim mharcála .......................................................................................................... 4

Struchtúr na scéime marcála ..................................................................................... 4

Achoimre ar leithroinnt na marcanna agus ar na scálaí atá le cur i bhfeidhm .................. 5

Nótaí eolais ar na notaí mínithe atá ar fáil do scrúdaitheoirí le linn marcáil ar líne............ 6

Réitigh samplacha agus nótaí mionsonraithe marcála .................................................... 8

Marcanna breise as ucht freagairt trí Ghaeilge ........................................................................ 19

# Scéim Mharcála - Roinn A agus Roinn B

## Struchtúr na scéime marcála

Déantar freagraí na n-iarrthóirí a mharcáil de réir scálaí éagsúla, ag brath ar na cineálacha freagraí a bhfuiltear ag súil leo. I gcás scálaí a bhfuil an lipéad A orthu, roinntear freagraí na n-iarrthóirí in dhá chatagóir (ceart agus mícheart). I gcás scálaí a bhfuil an lipéad B orthu, roinntear na freagraí i dtrí ghrúpa (ceart, ceart i bpáirt, agus mícheart), agus mar sin de. Tá achoimre le fáil sa tábla seo a leanas ar na scálaí agus ar na marcanna a leanann astu:

| Lipéad an scála | A | B | C | D | E |
|---|---|---|---|---|---|
| Líon na gcatagóirí | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
| Scála 5 mharc | 0, 5 | 0, 2, 5 | 0, 1, 2, 5 | 0, 2, 3, 4, 5 | |
| Scála 10 marc | 0, 10 | 0, 5, 10 | 0, 3, 5, 10 | 0, 3, 5, 6, 10 | |
| Scála 15 mharc | 0, 15 | 0, 7, 15 | 0, 5, 10, 15 | 0, 3, 6, 9, 15 | |
| Scála 20 marc | 0, 20 | 0, 10, 20 | 0, 7, 13, 20 | 0, 5, 10, 15, 20 | |
| Scála 25 mharc | 0, 25 | 0, 12, 25 | 0, 8, 17, 25 | 0, 6, 12, 19, 25 | 0, 5, 10, 15, 20, 25 |

Tugtar tuairiscín ginearálta anseo thíos le haghaidh gach pointe ar gach scála. Más gá, tá treoracha níos mionsonraithe le fáil sa scéim féin maidir leis an tslí chun na scálaí a léirthuiscint i gcomhthéacs gach ceiste.

**Scálaí marcála – tuairiscíní leibhéil**

**A-scálaí (dhá chatagóir)**

- freagra mícheart
- freagra ceart

**B-scálaí (trí chatagóir)**

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil
- freagra ceart i bpáirt
- freagra ceart

**C-scálaí (ceithre chatagóir)**

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil
- freagra lena ngabhann fiúntas éigin
- freagra beagnach ceart
- freagra ceart

**D-scálaí (cúig chatagóir)**

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil
- freagra lena ngabhann fiúntas éigin
- tuairim is an leathchuid den fhreagra ceart
- freagra beagnach ceart
- freagra ceart

**E-scálaí (sé chatagóir)**

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil
- freagra lena ngabhann fiúntas éigin
- beagnach an leathchuid den fhreagra ceart
- níos mó ná an leathchuid den fhreagra ceart
- freagra beagnach ceart
- freagra ceart

I gcásanna áirithe, ar cásanna iad, de ghnáth, ina ndéantar slánú mícheart, ina bhfágtar aonaid ar lár nó ina ndéantar míléamh nach róshimplíonn an obair nó ina ndéantar earráid uimhríochta nach róshimplíonn an obair, féadfar marc a thabhairt atá aon mharc amháin faoi mharc na creidiúna iomláine.
Dá bhrí sin, mar shampla, i *scála 10C*, féadfar 9 marc a thabhairt.

**Achoimre ar leithroinnt na marcanna agus ar na scálaí atá le cur i bhfeidhm**

## *Roinn A*

**Ceist 1**

| | |
|---|---|
| (a) | 5C |
| (b)(i) | 5C |
| (b)(ii) | 15C |

**Ceist 2**

| | |
|---|---|
| (a) (i)+(ii) | 10C |
| (b)(i)+(ii)+(iii)+(iv) | 15D |

**Ceist 3**

| | |
|---|---|
| (a) | 5C |
| (b) | 5C |
| (c) | 5C |
| (d) | 10C |

**Ceist 4**

| | |
|---|---|
| (a) | 5D |
| (b) | 10C |
| (c) | 10D |

**Ceist 5**

| | |
|---|---|
| (a)+(b)+(c) | 10D |
| (d) | 10C |
| (e) | 5C |

**Ceist 6**

| | |
|---|---|
| (a) | 15C |
| (b) | 5C |
| (c) | 5C |

**Ceist 7**

| | |
|---|---|
| (a) | 15D |
| (b)+ (c) | 10C |

**Ceist 8**

| | |
|---|---|
| (a) | 10C |
| (b)(i) | 10C |
| (b)(ii) | 5C |

## *Roinn B*


**Ceist 9**

| | |
|---|---|
| (a) | 5C |
| (b) | 10C |
| (c) | 15D |
| (d) | 15D |

**Ceist 10**

| | |
|---|---|
| (a)(i) | 10D |
| (a)(ii) | 5B |
| (b)(i) | 10C |
| (b)(ii) | 5C |
| (c)(i) | 10C |
| (c)(ii) | 5C |
| (c)(iii) | 10 |

Nótaí mínithe atá ar fáil do scrúdaitheoirí le linn marcáil ar líne


| Siombail | Ainm | Brí nuair a úsáidtear i gcorp na hoibre í | Brí nuair a úsáidtear san imeall ar dheis í |
|---|---|---|---|
| ✔ | Tic | Obair lena ngabhann ábharthacht | Tuilleann an obair i gcorp na scripte creidiúint iomlán |
| ✘ | Crosáil | Obair mhícheart (murab ionann agus earráid) | Ní thuilleann an obair i gcorp na scripte aon chreidiúint |
| # | Hais | Earráid sa slánú<br>Earráid san aonad<br>Earráid uimhríochta<br>Míléamh | |
|  | Líne chorrach chothrománach | Earráid | |
| ✔l | L Tic | | Tuilleann an obair i gcorp na scripte páirtchreidiúint íseal |
| ✔m | M Tic | | Tuilleann an obair i gcorp na scripte páirtchreidiúint mheánach |
| ✔h | H Tic | | Tuilleann an obair i gcorp na scripte páirtchreidiúint ard |
| [ | Lúibín clé | | Cuirtear leagan eile den réiteach seo i láthair áit eile agus is fiú an creidiúint chéanna nó creidiúint níos airde é |
|  | Líne chorrach cheartingearach | Níl aon obair ar an leathanach seo/ar an gcuid seo den leathanach | |
|  | Róshimpliú | Rinne an t-iarrthóir róshimpliú ar an obair | |

**Tabhair faoi deara:** d'fhéadfadh sé go mbeadh ort 2 shiombail a léirítear i gciumhais dheis an leathanaigh a úsáid chun breithiúnas ar an obair i gcorp na scripte a léiriú:

Ní mór ✔ # a úsáid chun go dtuilleann an obair a léirítear Creidiúint iomlán – 1

Léiríonn [ ✔m gur fiú páirtchreidiúint mheánach an obair i gcorp na scripte ach go ndearnadh iarracht eile agus gur bronnadh an chreidiúint seo nó creidiúint níos mó ar an obair sin

**Tabhair faoi deara:** Sa chás go gcuirfear obair fhiúntach i láthair i gcorp na scripte, ba cheart go ndéanfadh nóta mínithe sa chiumhais dheis meascán de na nótaí mínithe san obair

e.g. I gcás **scála C** mar a léirítear  agus  agus  i gcorp na hoibre, ba cheart  a chur sa chiumhais dheis.


I gcás scála D leis an leibhéal céanna nótaí mínithe, ba cheart  a chur sa chiumhais dheis.

D'fhéadfaí  a úsáid i gcorp na hoibre chun a thabhairt le fios go bhfuil luach ag cuid den obair a rinneadh agus gur thuill sé ceann de na leibhéil chreidiúna a ndéantar cur síos orthu sa scéim mharcála. Léirítear an leibhéal creidiúna san imeall ar dheis.

**Tabhair faoi deara:** Níl sé i gceist gur liostaí iomlána atá sna réitigh shamplacha ar gach ceist ar leith – d'fhéadfadh sé tarlú go bhfuil réitigh chearta eile ann. Aon scrúdaitheoir atá éiginnte faoi bhailíocht chur chuige aon iarrthóra ar leith i gceist áirithe, ba chóir dó/di teagmháil a dhéanamh lena Scrúdaitheoir Comhairleach.

| **C1** | **Réitigh Shamplacha 25 marc** | **Nótaí Marcála** |
|---|---|---|
| **(a)** | 30 ÷ 2=15<br>15 – 12·50 = **€2·50** | **Scála 5C (0, 1, 2, 5)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>Aon obair ábhartha<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>Úsáidtear 15 |
| **(b) (i)** | 164 – 117 = **€47** | **Scála 5C (0, 1, 2, 5)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>Úsáidtear 164 nó 117<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>164 – 117 |
| **(b) (ii)** | 117 – 5 =112<br>112 ÷ 2 = **€56** | **Scála 15C (0, 5, 10, 15)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>Aon obair ábhartha<br>Úsáidtear 117<br>58·50<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>112 |


<table>
<tr><th>C2</th><th>Réitigh Shamplacha 25 marc</th><th>Nótaí Marcála</th></tr>
<tr><td>(a) (i)<br><br>(a) (ii)</td><td>$\frac{1}{10}$<br><br>$\frac{3}{10}$</td><td>Scála 10C (0, 3, 5, 10)<br>Páirtchreidiúint íseal:<br>Aon obair lena ngabhann ábharthacht i gceachtar cuid<br><br>Páirtchreidiúint ard:<br>Cuid amháin atá ceart</td></tr>
<tr><td>(b) (i)<br><br>(b) (ii)<br><br>(b) (iii)<br><br>(b) (iv)</td><td><table><tr><th></th><th>Carr</th><th>Bus</th><th>Siúl</th><th>Iomlán</th></tr><tr><td>Buachaill</td><td>22</td><td>18</td><td>14</td><td>54</td></tr><tr><td>Cailín</td><td>25</td><td>23</td><td>18</td><td>66</td></tr></table><br>$\frac{14}{120}$<br><br>$\frac{66}{120}$<br><br>$18 + 23 = 41$ $\frac{41}{120}$</td><td>Scála 15D (0, 3, 6, 9, 15)<br>Páirtchreidiúint íseal:<br>Obair ábhartha in aon chuid<br><br>Páirtchreidiúint mheánach:<br>Tábla ceart<br>2 dhóchúlacht chearta ó thábla an iarrthóra<br>Iontráil cheart amháin sa tábla agus dóchúlacht cheart amháin<br><br>Páirtchreidiúint ard:<br>Tábla agus 2 dhóchúlacht<br>3 dhóchúlacht chearta ó thábla an iarrthóra</td></tr>
</table>

<table>
<tr><th>C3</th><th>Réitigh Shamplacha 25 marc</th><th>Nótaí Marcála</th></tr>
<tr><td>(a)</td><td></td><td>Scála 5C (0, 1, 2, 5)<br>Páirtchreidiúint íseal:<br>Aon obair ábhartha<br><br>Páirtchreidiúint ard:<br>Ceart den chuid is mó e.g. gan níos mó ná 2 chearnóg ar iarraidh nó as áit</td></tr>
<tr><td>(b)</td><td><table>
<tr><th></th><th>Líon na gCearnóg</th></tr>
<tr><td>Patrún 1</td><td>1</td></tr>
<tr><td>Patrún 2</td><td>5</td></tr>
<tr><td>Patrún 3</td><td>9</td></tr>
<tr><td>Patrún 4</td><td>13</td></tr>
<tr><td>Patrún 5</td><td>17</td></tr>
<tr><td>Patrún 6</td><td>21</td></tr>
</table></td><td>Scála 5C (0, 1, 2, 5)<br>Páirtchreidiúint íseal:<br>Iontráil cheart amháin nó iontráil chomhsheasmhach amháin<br><br>Páirtchreidiúint ard:<br>3 iontráil chearta nó chomhsheasmhacha</td></tr>
<tr><td>(c)</td><td>33</td><td>Scála 5C (0, 1, 2, 5)<br>Páirtchreidiúint íseal:<br>Aon obair ábhartha<br>Úsáidtear 4<br><br>Páirtchreidiúint ard:<br>Liosta ina bhfuil 33 ach ní shainaithnítear 33</td></tr>
<tr><td>(d)</td><td>Patrún 26</td><td>Scála 10C (0, 3, 5, 10)<br>Páirtchreidiúint íseal:<br>Aon obair ábhartha e.g. liostú<br>Úsáidtear 4<br><br>Páirtchreidiúint ard:<br>Liosta ina bhfuil patrún 26 ach níl sé sainaitheanta</td></tr>
</table>



| C4 | Réitigh Shamplacha 25 marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| (a) | $3 + 2 = 5$<br>**Eoin:** $\frac{150\times3}{5} = €90$<br>**Máire:** $\frac{150\times2}{5} = €60$ | **Scála 5D (0, 2, 3, 4, 5)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>3 + 2 **nó** 5<br><br>*Páirtchreidiúint mheánach:*<br>$\frac{150}{5}$<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>90 **nó** 60 |
| (b) | $26 - 20 = 6$<br>$\frac{6 \times 100}{20}$<br>$= 30\%$ | **Scála 10C (0, 3, 5, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>26 – 20 **nó** 6<br>$\times100$<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>$\frac{6}{20}$ |
| (c) | $50 - (5 \times 2) = 40$ pointe<br>40 ÷ 5 = 8 mBua<br><br>17 gcluiche – 5 chluiche ar comhscór = 12 chluiche<br>12 – 8 = 4 chluiche a chaill siad | **Scála 10D (0, 3, 5, 6, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>$5\times2$<br>40 **nó** 50 – 10 **nó** 12<br>17 – 5<br><br>*Páirtchreidiúint mheánach:*<br>40 ÷ 5<br>17 – 5 = 12<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>8 |


| C5 | Réitigh Shamplacha 25 marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| **(a)**<br><br>**(b)**<br><br>**(c)** | 1 uair an chloig<br><br>4.45<br><br>Leathuair an chloig | **Scála 10D (0, 3, 5, 6, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>Obair ábhartha in aon chuid nó ar an ngraf<br><br>*Páirtchreidiúint mheánach:*<br>1 chuid atá ceart<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>2 chuid atá ceart<br><br>**Tabhair faoi deara:** Lamháltas de $\pm$ 5 nóim le haghaidh **(b)** agus **(c)** |
| **(d)** | 350 – 230 = 120 km | **Scála 10C (0, 3, 5, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>Tugtar fad ceart/ábhartha amháin nó léirítear ar an ngraf é<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>Tugtar dhá fhad chearta/ábhartha nó léirítear ar an ngraf iad<br><br>**Tabhair faoi deara:** Lamháltas de $\pm$ 10 km |
| **(e)** | Fad = 350 km<br>Am = 6 uair an chloig<br><br>Luas $= \frac{350}{6} = 58{\cdot}3$<br><br>= 58 km/h | **Scála 5C (0, 1, 2, 5)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>Fad *nó* am aimsithe<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>Fad *agus* am aimsithe |

| C6 | Réitigh Shamplacha 25 marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| (a) | $x^2 = 90^2 + 200^2$<br>$= 48100$<br>$x = \sqrt{48100}$<br>$= 219·3$<br>$= 219$ cm | **Scála 15C (0, 5, 10, 15)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>Léiriú ábhartha ar bith de Theoirim Phíotágarás<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>$x^2 = 90^2 + 200^2$ |
| (b) | $\frac{11}{20}$<br><br>Cúis: Aon chúis bhailí<br>e.g. comparáid idir luachanna coibhéiseacha codáin nó deachúla | **Scála 5C (0, 1, 2, 5)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>Tiontaíodh codán amháin go deachúil<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>Freagra tugtha ach gan aon chúis / cúis neamhbhailí<br>3 chodán tiontaithe go foirm dheachúlach<br>3 chodán athscríofa mar fhichithe |
| (c) | $2\,500\,000 \times 0·0013 = €3250$ | **Scála 5C (0, 1, 2, 5)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>Aon obair lena ngabhann fiúntas<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>$2\,500\,000 \times 0·0013$ |

| C7 | **Réitigh Shamplacha 25 marc** | **Nótaí Marcála** |
|---|---|---|
| **(a)** |  | **Scála 15D (0, 3, 6, 9, 15)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>1 phointe breactha i gceart<br><br>*Páirtchreidiúint mheánach:*<br>2 phointe breactha i gceart<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>Pointí breactha ach níor tarraingíodh aon líne<br>Líne cheart agus (0, 0) fágtha ar lár |
| **(b)**<br><br>**(c)** | 7·5 cm<br><br>67 g | **Scála 10C (0, 3, 5, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>Aon obair ábhartha ar an ngraf<br>Aon obair ábhartha i gceachtar roinn.<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>Freagra amháin ceart<br><br>**Tabhair faoi deara:**<br>Lamháltas de $\pm$ 0·5 cm le haghaidh **(b)**<br>Lamháltas de $\pm$ 3 ghram le haghaidh **(c)** |

| C8 | **Réitigh Shamplacha     25 marc** | **Nótaí Marcála** |
|---|---|---|
| **(a)** | $V = 10 \times 10 \times 6{\cdot}5$<br><br>$= 650$ cm$^3$ | **Scála 10C (0, 3, 5, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>Roinnt ionadaithe isteach i bhfoirmle ábhartha le haghaidh toirte nó le haghaidh achar sleasa<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>$10 \times 10 \times 6{\cdot}5$ agus stopann. |
| **(b) (i)** | [Dronuilleog]: $9 \times 12 = 108$<br>[Triantán]: $\frac{1}{2} \times 6 \times 9 = 27$<br><br>$108 + 27 = 135$ m$^2$<br><br>Nó<br>[Dronuilleog]: $9 \times 18 = 162$<br>[Triantán]: $\frac{1}{2} \times 6 \times 9 = 27$<br><br>$162 - 27 = 135$ m$^2$ | **Scála 10C (0, 3, 5, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>Obair ábhartha le haghaidh achar dronuilleoige nó triantáin<br>Slios ábhartha nua amháin aimsithe<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>Achar amháin ceart (dronuilleog nó triantán)<br>$18 \times 9 = 162$ |
| **(b) (ii)** | $\frac{135}{20} = 6{\cdot}75$ => 7 mála | **Scála 5C (0, 1, 2, 5)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>Sainaithnítear 135 (nó freagra ó (i))<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>$\frac{135}{20}$ **nó** $6{\cdot}75$ agus stopann |

<table>
<tr><th>C9</th><th>Réitigh Shamplacha 45 marc</th><th>Nótaí Marcála</th></tr>
<tr><td>(a)</td><td>$12 \times 8 = 96$ cm²</td><td>Scála 5C (0, 1, 2, 5)<br>Páirtchreidiúint íseal:<br>Obair ábhartha<br><br>Páirtchreidiúint ard:<br>$12 \times 8$</td></tr>
<tr><td>(b)</td><td>r = 4<br>$\pi \times 4^2 = [50{\cdot}26]$<br>$= 50$ cm²</td><td>Scála 10C (0, 3, 5, 10)<br>Páirtchreidiúint íseal:<br>Obair ábhartha lena mbaineann $\pi$<br>4<br><br>Páirtchreidiúint ard:<br>$\pi \times 4^2$</td></tr>
<tr><td>(c)</td><td>Area of t: $\frac{50}{4} = 12{\cdot}5$<br>$96 - (50 + 12{\cdot}5) = 33{\cdot}5$ cm²</td><td>Scála 15D (0, 3, 6, 9, 15)<br>Páirtchreidiúint íseal:<br>Úsáidtear freagraí roimhe<br><br>Páirtchreidiúint mheánach:<br>Achar t aimsithe<br><br>Páirtchreidiúint ard:<br>$96 - (50 + 12{\cdot}5)$ nó a leithéid le luachanna iarrthóra coibhéiseacha (na 3 cinn go léir)</td></tr>
<tr><td>(d)</td><td><br>nó<br></td><td>Scála 15D (0, 3, 6, 9, 15)<br>Páirtchreidiúint íseal:<br>Aon chruth ábhartha tarraingthe<br><br>Páirtchreidiúint mheánach:<br>Aon chruth ábhartha tarraingthe de réir méide<br><br>Páirtchreidiúint ard:<br>2 chruth tarraingthe agus aimsithe i gceart<br>3 chruth tarraingthe i gceart<br><br>Tabhair faoi deara: Glac le haon rothlú ceart den íomhá (e.g. mar a léirítear)</td></tr>
</table>

| 10 | Réitigh Shamplacha 55 marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| **(a)**<br>**(i)** |  | **Scála 10D (0, 3, 5, 6, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>Aon 'bharra' ábhartha tarraingthe<br>Pointe ábhartha ar an ngraf e.g. (4, 1)<br><br>*Páirtchreidiúint mheánach:*<br>2 bharra chearta tarraingthe<br>5 phointe chearta breactha<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>4 bharra chearta tarraingthe<br>Línebhreacadh iomlán ceart agus ceangailte tarraingthe |
| **(a)**<br>**(ii)** | 7 | **Scála 5B (0, 2, 5)**<br>*Páirtchreidiúint mheánach:*<br>9 |
| **(b)**<br>**(i)** | 84 + 96 + 60 = 240<br><br>360 – 240 = 120 | **Scála 10C (0, 3, 5, 10)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>Iarracht ar shuimiú roinnt de na huillinneacha tugtha<br>Luaitear 360<br><br>*Páirtchreidiúint ard:*<br>240 **nó** 84 + 96 + 60 |
| **(b)**<br>**(ii)** | $\mathbf{\frac{96}{360} = \frac{x}{30}}$<br><br>$x = \frac{96\times30}{360}$ = 8 buachaillí<br><br>**Nó**<br>$\frac{360}{30} = 12$<br>$\frac{96}{12} = 8$ | **Scála 5C (0, 1, 2, 5)**<br>*Páirtchreidiúint íseal:*<br>Úsáid áirithe as 96<br><br>*Páirtchreidiúint ard*<br>$\frac{96}{360}$ **nó** $\frac{360}{30}$ |

<table>
<tr><td>(c)<br>(i)</td><td><table>
<tr><td>14</td><td>7</td><td>9</td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>15</td><td>0</td><td>3</td><td>6</td><td>7</td><td>7</td><td>8</td><td>9</td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>16</td><td>0</td><td>1</td><td>2</td><td>2</td><td>3</td><td>7</td><td>7</td><td>8</td><td></td></tr>
<tr><td>17</td><td>0</td><td>2</td><td>2</td><td>4</td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td></tr>
</table></td><td>Scála 10C (0, 3, 5, 10)<br>Páirtchreidiúint íseal:<br>1 iontráil cheart<br><br>Páirtchreidiúint ard:<br>11 iontráil cheart<br>Tabhair faoi deara: d'fhéadfadh an liosta a bheith as ord agus fós gheofaí lánmharcanna</td></tr>
<tr><td>(c)<br>(ii)</td><td>161 cm</td><td>Scála 5C (0, 1, 2, 5)<br>Páirtchreidiúint íseal:<br>Oibrítear an meán amach i gceart<br>Tugann a 11ú huimhir<br><br>Páirtchreidiúint ard:<br>Liosta iomlán in ord scríofa<br><br>Glac le freagra ceart gan obair</td></tr>
<tr><td>(c)<br>(iii)</td><td>174 – 147 = 27</td><td>Scála 10C (0, 3, 5, 10)<br>Páirtchreidiúint íseal:<br>Sainaithnítear 174 nó 147<br><br>Páirtchreidiúint ard:<br>Sainaithnítear 174 agus 147</td></tr>
</table>

**Marcanna breise as ucht freagairt trí Ghaeilge**

Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d’iomlán na marcanna don pháipéar. Ba chóir freisin an marc bónais sin a shlánú **síos**.

Déantar an cinneadh agus an ríomhaireacht faoin marc bónais i gcás gach páipéir ar leithligh.

Is é 5% an gnáthráta agus is é 300 iomlán na marcanna don pháipéar. Mar sin, bain úsáid as an ngnáthráta 5% i gcás iarrthóirí a ghnóthaíonn 225 marc nó níos lú, e.g. 198 marc × 5% = 9·9 ⇒ bónas = 9 marc.

Má ghnóthaíonn an t-iarrthóir níos mó ná 225 marc, ríomhtar an bónas de réir na foirmle [300 – bunmharc] × 15%, agus an marc bónais sin a shlánú **síos**. In ionad an ríomhaireacht sin a dhéanamh, is féidir úsáid a bhaint as an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 226 | 11 |
| 227 – 233 | 10 |
| 234 – 240 | 9 |
| 241 – 246 | 8 |
| 247 – 253 | 7 |
| 254 – 260 | 6 |
| 261 – 266 | 5 |
| 267 – 273 | 4 |
| 274 – 280 | 3 |
| 281 – 286 | 2 |
| 287 – 293 | 1 |
| 294 – 300 | 0 |